CAIBIDIL 8 OIDHREACHT NADÚRTHA AGUS TÓGTHA

8.1 CÚLRA

Tuigeann an Chomhairle an luach atá ar oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha ó thaobh cáilíocht beatha agus gníomhaíochtaí laethúla. Tuigeann an Chomhairle fosta go gcaithfear an cineál seo oidhreachta a bhainistiú ar mhodh inbhuanaithe do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh, bainistíocht atá bunaithe ar eiseamláir de na Cleachtais Caomhnaithe is fearr. Cuireann ár n-oidhreacht go mór le carachtar, cáilíocht agus sáiniúlacht thírdhreacha an Chontae. Tá na míreanna oidhreachta, a mbreathnófar orthu sa chuid seo, comhdhéanta de thírdhreach, gnáthóga, foirmeacha eile d'oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht sheandálaíochta agus thóghta.

SPRIOC

Oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha an Chontae a chosaint agus a chaomhnú do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh agus ag an am céanna, sásamh agus meas a spreagadh do na hacmhainní seo faoi láthair.

CUSPÓIRÍ

- Caomhnú agus bainistiú chríonna a lorg do cheantair atá luachmhar maidir le timpeallacht nádúrtha.

- Cosaint a thabhairt do speiceas ainmhí agus planda agus a ngnáthóga atá aitheanta sa Treoir maidir le hÉin ón AE, 1979, sa Treoir maidir le Gnáthóga ón AE, 1992, an tAcht um Fhiadhúlra, 1976, agus an tOrdú Cosanta Fásra, agus iad a fheabhsú áit gur féidir a leithéid a dhéanamh.

- Cosaint a chur ar fáil do thírdhreacha ina bhfuil na háiseanna áille is mó agus radharcanna a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo.

- Modh inbhuanaithe a spreagadh agus a ghlacadh do bhainistiú oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha an Chontae.

8.2 OIDHREACHT NÁDÚRTHA

8.3 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

POLASAÍ BNH1: LÁITHREÁIN (GNÁTHÓGA) CHAOMANTAIS DÚLRA ATÁ AINMNITHE

Cosnaíonn reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach na ceantair oidhreachta nádúrtha is luachmhara. Is féidir é seo a dhéanamh trí láithreáin a shonrú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON) mar atá beartaithe, iarrthóirí Limistéir Speisialta Caomhantais (LSC) agus iarrthóirí Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS). Déanfar, san am atá romhainn, na ceantair LSC agus LCS, atá sonraithe, a ainmniú mar pháirt de Ghréasán *Natura 2000* Uile-Eorpach de láithreáin oidhreachta nádúrtha den chéad scoth.

Tá ainmniúchán na láithreán seo mar fhreagracht ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, ach is freagracht choiteann í á gcosaint a chinntiú don am atá romhainn. Is próiseas leanúnach é ainmniúchán láithreán agus cuirtear láithreáin úra

leo agus/nó déantar iad a uasghrádú i dtéarmaí a stádas caomhantais, agus athraítear teorainneacha na láithreán atá ansin de réir mar a bhíonn eolas níos fearr curtha ar fáil. Ag cur leis seo, tá réimse d'ainmhithe agus de phlandaí, agus na gnáthóga lena mbaineann siad, cosanta faoi reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach. Tá fairsinge na gceantar LON, LSC agus LCS taispeánta ar an léarscáil Uimh 8 agus liostáilte in Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla (6.4).

Clúdaíonn na ceantair LON gnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha, tírghnéithe, agus gnéithe geomoirfeolaíocha, speiceas planda fiáin agus ainmhí, nó éagsúlacht de na cáilíochtaí nádúrtha seo atá tábhachtach go náisiúnta. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí luach chaomhnaithe na gceantar seo a chothabháil.

Faoi Threoir na nGnáthóg, iarrtar ar gach Stát san Aontas Eorpach Limistéir Speisialta Caomhantais a shonrú chun speiceas ainmhí agus planda agus gnathóg nach bhfuil coiteann nó atá i mbaol san Eoraip agus a bhfuil bearta caomhnaithe áirithe uathu, a chothú. Cé go bhfuil na Limisitéir sin cosanta go hiomlán faoi Threoir na nGnáthóg, tagraíonn an téarma 'iarrthóir' don fhíoras go bhfuil Coimisiún an Aontais Eorpaigh ag déanamh machnamh ar na láithreáin faoi láthair.

Faoi Threoir na nÉan, iarrtar ar gach Stát san Aontas Eorpach Limistéir Speisialta Caomhantais a shonrú mar cheantair chaomhantais dúlra a chothaíonn speiceas áirithe éin nach bhfuil coiteann nó atá i mbaol san Eoraip.

Is é polasaí na Comhairle ná:

- Na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Speisialta Caomhantais agus faoi Chosaint Speisialta go léir, mar atá aitheanta ag Aire na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, comh maith lena lán láithreáin eile a d'fhéadfadh a bheith molta d'ainmniúchán le linn saol an Phlean, a chothabháil agus a fheabhsú san áit gur féidir.

- A chinntiú nach ndéanann tograí forbraíochta milleadh nó damáiste d'aon láithreán a bhfuil tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta leis agus atá ainmnithe mar gheall ar shuntasacht a fhiadhúlra/ghnáthóige, lena n-áirítear na ceantair LON, LSC agus LCS.

POLASAÍ BNH 2: CRAINN, BALLAÍ CLOICHE, AGUS FÁLTA

Cuidíonn crainn, ballaí cloiche, agus fálta laistigh de Chontae Dhún na nGall go mór le carachtar tírdhreacha agus bithéagsúlachta. Ag cur leis seo, is acmhainn thábhachtach nádúrtha agus stairiúil iad na ballaí cloiche agus na fálta mar gheall ar a gcuidiú do cháilíocht thírdhreacha, a dtábhacht éiceolaíoch mar ghnáthóga fhiadhúlra agus a dtábhacht stairiúil mar chríocha bailte agus páirceanna .

Is é polasaí na Comhairle ná:

- Cosaint do chrainn agus do fhálta ó fhorbairt a mbeadh tionchar dochrach aige orthu, a chur chun cinn agus feabhas a chur ar fhálta a bheadh ansin trí mhéadú a lorg orthu i gcónasc leis an fhorbairt úr.

- Cosaint ar bhallaí cloiche mar chríocha a chur chun cinn; áit a bhfuil sé molta/de dhíth ballaí cloiche a leagaint, caithfí socrú fóirsteaneach a bheith déanta le hiad a chur ar ais ar athrú suímh/ curtha siar laistigh den láithreán.

- Tríd an phróiseas do bhainistiú forbraíochta, coinneáil a dhéanamh ar na crainn, toir agus araile atá ann cheana féin agus tuilleadh plandála a spreagadh.

- Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht crainn/coillte a chosaint trí phróiseas comhairliúcháin leis an phobal agus úinéirí talaimh, úsáid Orduithe Buanchoimeádta Crann (OBC) san áireamh.

- Cosaint agus caomhnú d'fhálta sceach mar chonairí nádúrtha oidhreachta a chintiú.

POLASAÍ BNH 3: PLEAN OIDHREACHTA AGUS PLEAN BITHÉAGSÚLACHTA.

Iarann An Plean Oidhreachta Náisiúnta (2002) go ndéanfadh na húdaráis áitiúla Pleananna Oidhreachta Áitiúla a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Cuideoidh seo le '*oidhreacht a chur i gcroílár saol an phobail'* mar atá molta ag an Phlean Oidhreachta Náisiúnta (2002). Cuirean an Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta (2002) iallach ar Údaráis Áitiúla Pleananna Bithéagsúlachta Áitiúla a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is é polasaí na Comhairle ná:

- Plean Oidhreachta chúig bliana a ullmhú agus a chur i bhfeidhm faoin Phlean Oidhreachta Náisiúnta (2002).

- Plean Bithéagsúlacht chúig bliana a ullmhú agus a chur i bhfeidhm faoin Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta (2002).

- Próiseas ar Mheasúnacht Oidhreachta a bhunú.

POLASAÍ BNH 4: CEANTAIR GEOLAÍOCHTA INSPÉISE

Níl láithreáin geolaíochta inspéise clúdaithe go cuimsitheach ag ainmniúcháin caomhnaithe nádúir atá ansin faoi láthair. Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Suirbhé Geolaíochta na hÉireann (GSI) ag cur le chéile liosta san am i láthair de láithreáin ina bhfuil suim geolaíochta náisiúnta a dhéanfar a mholadh mar NHAna. Idir an dá linn, liostaigh an Chomhairle sa Phlean seo na gnéithe geolaíochta lena mbaineann tábhacht Contae agus tábhacht Náisiúnta agus é mar chuspóir aici an fiúntas caomhnaithe atá leo a chothabháil. (Féach Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeain Theicniúla, 6.3).

Dá bhrí sin, is é seo a leanas an polasaí a bheas ag an Chomhairle:

- Caomhnú agus cothabháil a lorg ar fhiúntas caomhnaithe na ngnéithe tábhachtacha ina bhfuil suim geolaíochta laistigh den Chontae.

POLASAÍ BNH 5: CAOMHNÚ TÍRDHREACHA.

Tá na ceantair sa Chontae atá sonraithe mar Limisteir Cónláiste Ardscéimhe ainmnithe agus léirithe ar an léarscáil atá istigh leis seo. Tá an cháilíocht tírdhreacha is airde sa Chontae ag na ceantair seo, tréithrithe ag fiántas agus gan mórán, má tá ceann ar bith, de struchtúir thógtha. Airítear ina measc ceantair ardtalamh sléibhe agus ciorcail cósta le haillte arda.

Is iad na croíphrionsiobail atá mar bhunús ag polasaithe na Comhairle maidir le caomhnú tírdhreacha ná an chosaint is airde a thabhairt do na ceantair ina bhfuil an cháilíocht áilleachta tírdhreacha is airde ann agus dearcadh dheimhneach a ghlacadh ó thaobh moltaí forbartha i gceantair ina bhfuil cáilíocht áilleachta tírdhreacha réasúnta

íséal. De réir sin, ní bhreathnófar ach ar fhorbairt theoranta i Limistéir Cónláiste Ardscéimhe.

Laistigh den tirdhreach seo atá sannta mar Limistéir Cónláiste Ardscéimhe, d'fhéadfadh pócaí beaga a bheith ann nach sásaíonn go hiomlán sainmhíniú LCA m.sh. áit a bhfuil clachain bheaga tithe nó áit ar cuireadh coillearnach bhuaircíneach. Breithneofar ar aimhrialtachtaí den chineál sin i sannadh tírdhreacha ar a bhfiúntas féin más rud é go gcuirtear iarratas dá bhforbairt faoi bhráid. Beidh sé de dhualgas ar an iarratasóir a léiriú nach sásaíonn an suíomh tréithe LCA agus nach ndéanfaidh aon fhorbairt atá beartaithe dochar do fhiúntas tírdhreacha an LCA níos leithdeadaí ina bhfuil an suíomh lonnaithe.

Beidh an Chomhairle ag iarraidh na radharcanna in áiseanna speisialta sainspéise agus fiúntais a chosaint, go háirithe, radharcanna idir na bóithre poiblí agus an fharraige, na locha, agus na haibhneacha. Chuige seo, breithneófar tograí forbraíochta ar thailte idir na bóithre poiblí agus an fharraige, na locha, agus na haibhneacha de réir na gcriteir seo a leanas:

- Tábhacht fiúntais an radhairc atá i gceist.
- Cé acu ar chuir nó nár chuir forbairt ar bith go dáta isteach ar iomláine an radhairc.
- Cé acu an gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh an fhorbairt isteach go suntasach ar an radhairc.
- Cé acu an ndéanfadh nó nach ndéanfadh an fhrobairt athrú ábhartha ar an radharc.

I gcur i bhfeidhm an pholasaí seo, úsáidfear cur chuige cóir cothrom lena chinntiú nach ngníomhaíonn an polasaí mar chosc iomlán ar fhorbairtí idir na bóithre poiblí agus an fharraige, na locha, agus na haibhneacha.

Beidh an Chomhairle ag iarraidh na príomhbhóithre ag druidim le Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha a choimeád.

Is é polasaí na Comhairle ná:

- Teora a chur le forbairt chónaitheach laistigh de cheantair atá sonraithe mar Limistéir Conlaiste Ardscéimhe, de réir na bpolasaithe atá leagtha síos sa Roinn Tithíochta den Phlean seo (Caibidil 5). Sa bhreis air seo, déanfar éascú ar fhorbairt phoiblí atá ceangailte le hacmhainn shuite nó a thiteann laistigh de bhealaí bhonneagair straitéiseacha.

- Gan breithniú go fabhrach ar Fhorbairt Acmhainne Nádúrtha (Cairéil Ghaoithe) i Limistéar Conláiste Ardscéimhe, Féach Caibidil 7. Déanfar Forbairtí Acmhainne Nádúrtha eile laistigh de Limistéar Conláiste Ardscéimhe a mheas ar bhonn fiúntais, le haird ar threoir polasaí. Breathnófar ar fhorbairtí úra talmhaíochta laistigh de choimpléasc feirme atá ansin faoi láthair ar a bhfiúntas féin, laistigh de Limistéar Conláiste Ardscéimhe.

- Breathnú ar mhéaduithe cuí, ar athrú usáide agus athchóiriú ar fhoirgnimh atá slán agus atá cheana féin laistigh de cheantair atá sonnraithe mar Limistéir Conláiste Ardscéimhe a fhad agus nach n-athraíonn sé go hábhartha carachtar an fhoirgnimh agus an t-achar talaimh ar a bhfuil sé suite.

- Gan breathnú go fabhrach ar fhorbairt a chuirfeadh srian, a chuirfeadh isteach go suntasach nó a d'athródh go hábhartha aon cheann de na radharcanna atá ainmnithe ar an léarscáil atá ag gabháil leis seo.

- Carachtar na mbóithre atá ag druidim le Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha a chosaint tríd an phróiseas do bhainistiú forbartha. Is iad na bóithre atá i gceist ná:

    - An bóthar ó Ghleann Domhain go dtí An Dúchoraidh.
    - An bóthar ó Dhún Lúiche go dtí an Tearmann.
    - An bóthar ó Mhín an Lábáin go dtí an Tearmann/Dún Lúiche.
    - Bearnas na Mucaise go dtí Droichead Calabar
- Ní cheadófar línte cumhachta lastuas ar thaobh na mbóithre seo.
- Ní bhreithneófar go fabhrach ar iarratais d'aeróga teileachumarsáide agus struchtúir tacaíochta i Limistéir Conláiste Ardscéimhe seachas ar fhorbairt Stua Leathanbhanda an Iarthuaiscirt nó a mhacasamhail de thogra.
- Ní bhreithneófar go fabhrach ar iarratais i gcomhair airde nó leathnú ar d'aeróga teileachumarsáide agus struchtúir tacaíochta i Limistéir Conláiste Ardscéimhe seachas ar fhorbairt Stua Leathanbhanda an Iarthuaiscirt nó a mhacasamhail de thogra.
- Tá sé mar chuspóir ag an Chomhairle Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú don cheantar atá sannta mar LCA ag coimín Ard na gCeapairí agus Machaire Gathláin, a mbeidh a chríocha beachta a chomhaontú leis an Chomhairle.

POLASAÍ BNH 6: SIÚLÓIDÍ CLADAIGH A CHOSAINT.

Déanfar iomláine na Siúlóidí Cladaigh ó Bhun an Phobail go dtí An Caisleán Nua, ó Bhun Dobhráin go Tullachán, ó Bhun Crannca go dtí An Srath Geal agus fosta an cosán coise atá timpeall Loch Troisc, Bealach Féich, a chosaint trí smacht a choinneáil ar fhorbairt a d'fhéadfadh cur isteach air nó bac a chur le taitneamhacht na siúlóidí agus na gceantar máguaird. Lena chois sin, maidir leis na Pointí Rialúcháin ag Bun an Phobail (Féach Aguisín F – Leabhrán Léarscáileanna do Phointí Rialúcháin Bailte agus Sráidbhailte), fágtar na tailte ar thaobh na farraige den líne táscach idir phointí rialúcháin H, I agus J as an áireamh ó cheantar na bpointí rialúcháin. Baineann an eisiamh seo le forbairtí ilteaghaisí agus do mholtaí a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an pholasaí do Thionscadail Turasóireachta Acmhainní.

POLASAÍ BNH 7: TRÁNNA NA MBRAT GORM.

Ní bhreathnófar ar aon fhorbairt a tharraingíonn drochamhras ar thaitneamhacht chaithimh aimsire agus timpeallachta maidir le tránna atá ainmnithe nó molta do bhrat gorm.

POLASAÍ BNH 8: GAIRDÍNÍ OIDHREACHTA

Tabharfaidh an Chomhairle cosaint d'oidhreacht na nGairdíní Oidhreachta laistigh den Chontae siocair a gconláistí intreacha, a luach oidhreachta agus a bpoiteinséal do thurasóireacht.

8.4 OIDHREACHT THÓGTHA

CÚLRA

Tá a lán rudaí a théann i gcion go mór ar thógáil foirgnimh i gContae Dhún na nGall; dhá fhachtóir mhór is ea na gnéithe tíreolaíochta, agus sochpholaitiúla ag aon am faoi leith. Is í Dún na nGall an Chontae is faide ó thuaidh in Éirinn, ina luí in iarthuaisceart na tíre, agus an iardheisceart, an iarthar, agus an tuaisceart ar theorainn an Aigéin Atlantaigh, teorainn de 140km le Tuaisceart Éireann, agus 9km leis an chuid eile den tír.

Is féarach garbh agus portach sléibhe 800,000 acra den 1.2 milliún acra de thalamh atá i gContae Dhún na nGall. Cuireann an topagrafaíocht seo spás le háilleacht gharbh an

Chontae agus is í a mhúnlaigh cruth ár bhfoirgneamh lena mbaineann srianta feidhme agus eacnamaíochta seachas áilleacht. Aithnítear é seo mar gheall ar bhallaí binne céimnithe/ceangal dín an teachín agus na dtithe taobh amuigh, a tógadh le slatbhallaí nó uachtarchlocha chun foscadh a sholáthar ó na gnáthghaotha agus ón fhearthainn, agus a thabhrann tús áite do ghnéithe topagrafaíochta agus foscaidh an tsuímh.

Ba í an aeráid fhisiciúil agus pholaitiúil a mhúnlaigh féiniúlacht ar leith agus an-sonrach an Chontae, ina bhfuil sraitheanna de thagairt shóisialta, stairiúil, pholaitiúil, eacnamaíoch, fhisiciúil, eolaíoch, agus mothúchánach leabaithe i bhfoirgnimh ár dtírdhreacha agus atá le feiceáil inár mbailte agus ár sráidbhailte agus, b'fhéidir, níos mó, inár lonnaíochtaí tuaithe, agus inár n-áitribh. Tá na cáilíochtaí soiléir atá le fáil inár n-oidhreacht thógtha, go háirithe in ailtireacht thuaithe Dhún na nGall, comh tábhachtach dár bhféiniúlacht chultúrtha is atá an focal labhartha agus scríofa nó dán.

Tá cuid mhór fachtóirí a chuireann isteach ar ár saol ó lá go lá agus is dócha nach bhfuil ceann ar bith acu níos mó ná an timpilleacht thógtha ina maireann muid, ina n-oibríonn muid agus ina n-imríonn muid laistigh de. Tabhrann na foirgnimh atá ansin faoi láthair, ár dtithe cónaithe, Scoileanna Náisiúnta, Séipéil, Hallaí Pobail, ár n-áiteanna oibre, bancanna, siopaí, bialanna, clóis feirme agus oifigí, léargas dúinn ar an dóigh ar chaith ár sinsear nó ár gcomharsana a mbeatha, ag tabhairt deis dúinn spléachadh ar an stair a mhúnlaigh na glúnta.

Mhúnlaigh an t-aitheantas leanúnach, maidir le tábhacht ár n-oidhreacht thógtha agus é a cheangal leis an saol atá caite, féiniúlacht ár gContae agus breathnaítear air mar shócmhainn luachmhar i gcur chun cinn fhorbairt eacnamaíoch agus muiníne féiniúlachta, athghiniúna, agus inbhuaineachta.

Is í an phríomhreachtaíocht náisiúnta a bhaineann leis an timpeallacht thógtha ná Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-1994, agus níos sonraíoch nuair atá tú ag déileáil le Taifead na Struchtúr Cosanta, An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2004. Roimhe sin, bhí dhá liosta d'fhoirgnimh ann, ach chuir An tAcht Pleanála 2000, áfach, deireadh leis an dearcadh faoi fhoirgnimh a liostáil agus ina áit, cuireadh struchtúir arbh fhiú a gcosaint le chéile ar aon liosta amháin, ar a dtugtar anois Taifead na Struchtúr Cosanta (ar a dtagrófar dó ina dhiaidh seo mar TSC). Tagair don Aguisín i gCuid 3.11, lth. 40, le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis na TSCanna. Gabh go dtí Aguisín A, Treoirlínte Forbartha agus Caighdeáin Theicniúla – Cuid 11 faoi choinne tuilleadh eolais fá na TSCanna.

AILTIREACHT DHÚCHASACH.

Luíonn tithe agus foirgnimh feirme i gcroílár an chultúir agus na hailtireachta Éireannaigh; tá sé comh samplach agus comh seasmhach leis an ghréasán de pháirceanna, de shléibhte agus de locha atá timpeall air. Iad tógtha le spallaí nó ballaí créafóige, clúdaithe le plástar péinteáilte, díon slátaí, stáin nó cocháin curtha orthu; seasann siad i gclóis lena dtithe daingean taobh amuigh, go minic iad timpeallaithe ag sraitheanna de chrainn arda a d'fheidhmigh, ní amháin mar bhalla foscaidh ach mar chomhartha cónaithe i dtírdhreach fholamh.'
(aistriúchán ar shliocht as '*A Lost Tradition The Nature of Architecture in Ireland' Niall Mac Cullough &Valerie Mulvin*.)

Leis na cianta, ba teaghlaigh áitiúla - ag úsáid ábhar áitiúil chun a gcuid riachtanais féin a shásamh laistigh de shrianta ar leith láithreáin - a thóg a gcuid tithe féin agus a bhfoirgnimh feirme a dtagraítear dóibh go minic mar ailtireacht dhúchasach tuaithe. Níos minicí ná a mhalairt, tháinig eabhlóid na bhfoirgneamh seo fríd am gan aon

thionchar ailtírí, stíleanna fhoirmiúla, ná claonta faiseanta. Dá thairbhe sin, tá foirmíocht ár dtithe taobh amuigh agus ár dteachíní an-sonrach don láithreán agus go minic, ní mar a chéile atá lámh an tuíodóra in Inis Eoghain agus i nGaoth Dobhair, ar an dóigh chéanna a n-athraíonn profíl na mballaí cloiche tirime ó Chionn Mhálainne go Bun Dobhráin. Is iad na cleasanna stráitéiseacha sin a fhágann go bhfuil cibé atá fágtha dár n-oidhreacht thógtha luachmhar, agus gurb fhiú é a choiméad.

Is fiú fosta eabhlóid na bhfoirgneamh seo a nótáil agus a aithint, an dóigh ar athraigh siad agus a bhfuil siad curtha in oiriúint ar feadh na mblianta agus caithfear ligint don eabhlóid seo leanúint ar aghaidh, agus ar an dóigh seo go gcoinneofar, go ndéanfar athchóiriú agus go bhfeabhsófar teachíní a bhfuil bealach díreach isteach, nó ar an bhinn, acu sa dóigh go ndéanfar na riachtanais spáis atá ag gabháil leis na héilimh atá sa saol nua-aimseartha a éascú.

Tá an tOifigeach Caomhnaithe ag obair leis an Oifigeach Rialú Foirgnimh sa Chomhairle maidir le cúrsaí a bhaineann leis na Rialacháin Tógála; éifeachtúlacht agus inbhuaine fuinnimh, astaíocht radóin, taisleach ag briseadh fríd, luachanna inslithe, agus rialacháin dóiteáin, chun ceardlanna agus bileoga eolais a chur ar fáil ag freagairt ceisteanna agus cúrsaí imní ar ábhair den tsórt. Is leor a rá go gcaithfidh athúsáid ar an rud atá againn cheana féin a bheith mar bhunbhrí na hinbhuaineachta agus go mbeidh ábhair áitiúla agus ceird áitiúil á n-úsáid.

Tá an Chomhairle go mór ar an eolas faoin uimhir foirgneamh dúchasacha atá sa Chontae a chuireann bláth ar an tírdhreach gharbh álainn agus atá ar chomhchiall le Dún na nGall ach nach bhfuil siad ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (TSC) atá ansin faoi láthair. Maidir leis na struchúir seo a chur isteach leis an TSC, is í seo féidearthacht a bhfuil an Chomhairle ag iniúchadh, ag déanamh iarracht cosc a chur leis na foirgnimh seo a bheith leagtha agus a bheith ag obair ag an am céanna laistigh de threoirlínte Straitéis Tithíochta Tuaithe chun athúsáid a spreagadh don líon mór tithe beaga thréigthe atá ar thaobh an bhóthair agus na clachain fholamha. Cinnteoidh athúsáid na bhfoirgneamh sin go bhfanfaidh foirgnimh thógtha an Chontae mar pháirt riachtanach de phobal bríomhar saothrach, agus ag an am chéanna a chuireann an saol luachmhar atá thart i gcuimhne.

Is féidir le caomhnú páirt lárnach a imirt i gcur chun cinn saibhreas eacnamaíoch trína chinntiú go gcuireann ceantar coinníollacha oibre agus beatha tarraingteacha ar fáil a spreagfas infheistiú isteach. Mar aischur, féadfaí saibhreas eacnamaíoch fuinneamh a dhaingniú i bpobail áitiúla, i sráidbhailte, agus i mbailte stairiúla.

AILTIREACHT THIONSCLAÍOCH.

Tá ár n-ailtireacht thionsclaíoch mórthimpeall orainn agus airítear léi na Trádstórais i Ráth Mealtain, na Muilte i gConmhaigh, sa Mhuileann Úr agus i mBéal Átha Seanaidh, stáisiúin na ngardaí cósta agus na tithe solais ina lán de na bailte iascaireachta ar fud an Chontae ó Bhun an Phobail go dtí na Cealla Beaga, ó oifigí poist agus boscaí poist go háithe aoil agus oibreacha brící, comh maith leis na bóithre, na droichid agus na bóithre iarainn a bhí ag déanamh fónamh ar na gníomhaíochtaí sin.

Le linn deireadh an 19ú aois, mar thoradh ar an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain, thosaigh forbairt a theacht ar a lán dár dtionscail uirbeacha, macasamhail iad siúd i Ráth Mealtain. Bhí gníomhaíocht bunaithe, go mórmhór, ar phróiseáil tháirgí talmhaíochta trí úsáid a bhaint as acmhainní a raibh fáil orthu go furasta, de ghnáth uisce, agus b'iad an líon trádstórais agus muilte a bhí fágtha agus an cháilíocht éagsúil

a bhain leo, a bhí mar thoradh air seo. Tá na struchtúir seo suite, go han-mhinic, in aice le cúrsaí uisce nó foinsí atá spréite ar fud an Chontae.

Mhair a lán de na láithreáin seo in úsáid go dtí le déanaí, ach anois gan úsáid tá na foirgnimh seo ag dul fríd próiseas de mheathlú gníomhach. Ba chóir clár caomhnaithe, athchóirithe nó athúsáide oiriúnach a chur i bhfeidhm chun srian a chur leis an phróiséas meathlaithe. I ngach cás, tá sé tábhachtach go mbeadh taighde foirfe fótagrafach agus stairiúil den láithreán críochnaithe agus cáipéisí soláthraithe do thagairt agus do bhailiúchán don am atá romhainn.

Caighdeáin Dearaithe do chur in oiriúint Foirgnimh Stairiúla
Bainfidh an Chomhairle úsáid as fealsúnacht ailtireachta chomhaimseartha cháilíochta chun méadú nó athrú ar Struchtúr Taifeadta a spreagadh ag obair i gcomhar le prionsabail chaomhnaithe eolacha, ina hiarracht na foirgnimh stairiúla a chaomhnú le linn iad a bheith á gcur in oiriúint chun riachtanais an lae inniu a shásamh dá réir. Is coda iad na tréithe agus an tábhacht a bhaineann le simplíocht, srian, comhréir, agus cáilíocht na n-ábhar inár bhfoirgnimh stairiúla atá le cosaint agus le cothú, agus nuair a húsáidtear go hoiriúnach iad le hábhar agus le húsáidí úra, soláthraíonn siad tagairt an lae inniu do na glúnta atá le teacht.

SPRIOC.
Oidhreacht thógtha Chontae Dhún na nGall a chaomhnú agus a fheabhsú trí fheasacht a chruthú ar luach agus ar thábhacht ár bpáirceanna, ár mbailte agus sráidbhailte, ár bhfoirgnimh feirme, ár dteachíní, ár dtithe pobail, ár scoileanna, ár dtithe cúirte, ár mbancanna agus ár dtithe cónaithe, ní amháin mar uirlís chun athghiniúint agus fostaíocht a spreagadh inár dtimpeallacht tuaithe agus uirbeach ach mar choda riachtanacha don mhaclog a mhúnlaíonn ár saol laethúil.

CUSPÓIRÍ.
- Oidhreacht ailtireachta Dhún na nGall a chaomhnú, a chosaint agus a thaifeadadh do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

- Forbairt, caomhnú, agus aitheantas na gceirdeanna oilte traidisiúnta a spreagadh ar fud an Chontae.

- Feasacht a chur chun cinn i measc úinéir/áitritheoirí na bhfoirgneamh stairiúil agus i measc na nglúnta uilig sa phobal ginearálta maidir le tábhacht agus saibhreas ár n-oidhreacht ailtireachta.

- Athúsáid chuí na dteachíní traidisiúnta inár mbailte, agus go háirithe i suímh tuaithe ar fud an Chontae a spreagadh.

- Fás eacnamaíoch agus inbhuanaithe a chur chun cinn tríd athghiniúint leanúnach ár dtimpeallachta thógtha.

- Forbairt a dhéanamh ar chóras dearfach dreasachtaí airgid ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, araon, chun cosaint na bhfoirgneamh stairiúil a spreagadh, na foirgnimh sin a fhulaingíonn níos mó ó mheathlú agus ó fhaillí seachas scrios gníomhach atá níos réamhbheartaithe.

- A chinntiú go mbeidh aon fhorbairt, mhionathrú, athrú, nó méaduithe a chuireann isteach ar struchtúr cosanta, struchtúr atá sínte leis nó struchtúr laistigh de Cheantar

Caomhantais Ailtireachta (CCA/*ACA*), suite agus deartha go cuí agus nach ndéanann sé dochar do charachtar an struchtúir, a shuíomh, nó carachtár an ACA.

POLASAITHE AGUS MOLTAí

POLASAÍ BNH 9: Is é polasaí na Comhairle oidhreacht ailtireachta Dhún na nGall a chaomhnú, a chosaint, agus a thaifeadadh do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh mar seo a leanas:

(i) Dea-chleachtas caomhantais a úsáid i gcónaí nuair atáthar ag obair le foirgnimh stairiúla.

(ii) Struchtúir inspéise ó thaobh ailtireachta, ealaíon, stair, seandálaíochta, cultúir, eolaíocht, sóisialta, teicniúil, a chosaint i ngach cearn den Chontae.

(iii) Athbhreithniú a dhéanamh, agus mar iarmhairt air sin, struchtúir a chur leis nó a bhaint ar shiúil ó Thaifead na Struchtúr Cosanta, de réir mar is gá le linn saol an Phlean, ag soláthar ar an dóigh seo sceideal cuimsitheach do chosaint na struchtúr a bhfuil tábhacht spéisialta Contae ag baint leo.

(iv) Tabhairt faoi fhardal oidhreachta ailtireachta do bhailte, do shráidbhailte, agus do lonnaíochtaí stairiúla a chur le chéile trí phlé a dhéanamh le grúpaí pobail áitiúla agus na torthaí comhlánaithe a fhoilsiú faoi choinne tagairt phoiblí.

(v) Fardal ailtireachta a chur san áireamh sna Pleananna Ceantair Áitiúla uilig.

(vi) Fardal den ailtireacht mara/cósta go léir a ullmhú, túir faire, tithe solais, teachíní gardaí cósta, túir chomharaíochta, túir Marino, agus poirt, i gcomhar le grúpaí pobail agus éagraíochtaí áitiúla le linn do chlár feasachta faoi thábhacht agus faoi eabhlóid na sráidbhailte iascaireachta a bheith a fheidhmiú.

(vii) Oidhreacht thionsclaíoch an Chontae a chosaint agus a fheabhsú trí chomhpháirtíocht ghníomach le húinéir/cónaitheoirí m.sh. an Muileann i Ráth Bhotha, agus na trádstórais i Ráth Mealtain

(viii) Doiciméad tagartha faoi bhonneagar iompair a chur le chéile; droichid, iarnróid, stáisiúin iarnróid, gnéithe thaobh an bhealaigh.

(ix) Iniúchadh agus measúnú ar staid na Struchtúr Cosanta uilig laistigh d'úinéireacht na Comhairle a chur i gcrích, agus plean bainistíochta/cothabhála a leagan amach do na struchtúir sin go léir i gcomhar le Rannóg Maoine na Comhairle.

(x) Cosaint a dhéanamh ar choda neamh-struchtúracha thábhachtacha den timpealleacht thógtha, macasamhail ballaí cloiche agus piléir agus na coinníollacha teorann a bhaineann leo, toibreacha beannaithe, carraigeacha aifrinn, boscaí teileafóin, boscaí poist, gnéithe chúirtealáiste, troscáin ghairdín agus leachtanna. Cuirfidh an Chomhairle feasacht agus an cleachtas is fearr chun cinn maidir leis na coda sin.

POLASAÍ BNH 10: Is é polasaí na Comhairle aitheantas, coimeád, agus forbairt na gceirdeanna oilte traidisiúnta a spreagadh ar fud an Chontae mar seo a leanas:

(i) Clár de scileanna traidisiúnta a chur le chéile.

(ii) An tábhacht atá le cinnteoireacht eolach maidir le haon idirghabháil ar struchtúr cosanta nó foirgneamh stairiúil a chur chun cinn, trí chonradh le saineolaí caomhantais atá cáilithe go hoiriúnach a spreagadh maidir le sonraíocht an ábhair agus feidhmiú.

(iii) Oibriú le comhlachtaí reachtúla chun cúrsaí oiliúna a bhunú ag cur chun cinn na scileanna riachtanacha atá de dhíth chun ár dtimpeallacht thógtha luachmhar a chothabháil.

(iv) An dea-chleachtas caomhantais is fearr a léiriú maidir le coimeádaíocht Struchtúr Cosanta in úinéireacht/ i gcúram na Comhairle.

(v) Clár oiliúna intí a chur ar fáil d'fhoireann na Comhairle atá ag déanamh obair dheisiúcháin agus obair chothabhála ar dhroichid agus ar bhallaí cloiche chun cur ar a gcumas treoirnótaí ar an ábhar sin a thabhairt do chonraitheoirí agus do ghrúpaí pobail áitiúla.

(vi) Ceardlanna bliantúla a eagrú d'oifigigh pleanála atá ag obair le foirgnimh stairiúla chun go mbeidh na scileanna acu atá riachtanach le breithiúnais eolacha a sholáthar nuair atáthar ag obair le foirgnimh stairiúla.

(vii) Naisc a bhunú le hoifigigh Rialú Tógála áitiúla agus treoirlínte agus comhairle a chur ar fáil d'úinéir/cónaitheoirí le linn athshlánú nó athrú a bheith a dhéanamh ar struchtúr chosanta.

POLASAÍ BNH 11: Is é polasaí na Comhairle feasacht a chur chun cinn i measc úinéirí/cónaitheoirí d'fhoirgnimh stairiúla agus i measc glúnta an phobail ghinearálta faoi thábhacht agus luach ár n-oidhreacht ailtireachta mar seo a leanas:

(i) Tuiscint níos fearr faoin oidhreacht thógtha a chur chun cinn trí dhíospóireacht agus trí cheardlanna leis an phobal.

(ii) Cothú a dhéanamh ar na córais tacaíochta oideachasúla agus chomhairleacha atá ann faoi láthair laistigh den Chomhairle maidir lenár n-oidhreacht thógtha.

(ii) Oibriú le cumainn agus le grúpaí stairiúla agus le grúpaí pobail áitiúla i nDún na nGall agus trasteorann araon, chun ár n-oidhreacht agus an tionchar atá aici ar ár saol laethúil a iniúchadh.

(iv) Comhoibreoidh an Chomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le hOifig na nOibreacha Poiblí chun cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar láithreacha na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Chontae atá faoi chúram an Stáit.

POLASAÍ BNH 12: Is é polasaí na Comhairle athúsáid chuí ár dteachíní traidisiúnta inár mbailte agus go háirithe i suímh tuaithe ar fud an Chontae a spreagadh mar seo a leanas:

(i) Breathnú go dearfach ar athúsáid, athrú, agus/nó méadú d'fhoirgnimh atá ansin faoi láthair. Seachnaíonn seo an fás i ndramhaíl neamhriachtanach ó threascairt foirgnimh agus cuidíonn sé forbairt scileanna caomhnaithe a chothú fad agus atá foirgneamh stairiúil á inbhuanú mar chuid de thagairt stairiúil.

(ii) Iniúchadh a dhéanamh ar na foirgnimh dhúchasacha atá fágtha, tréigthe nó in úsáid ar fud an Chontae agus ina dhiaidh sin clár fadtéarmach, bunaithe ar na torthaí, a mholadh chun athúsáid na bhfoirgneamh sin a spreagadh go gníomhach. Déanfaidh na foirgnimh seo, ar a bheith gníomhach arís, a seasamh a dhaingniú do na glúnta inár ndiaidh chun go bhfoghlaimeoidh siad uatha agus go mbainfidh siad sásamh astu.

(iii) Iniúchadh a dhéanamh ar na struchtúir ceann tuí sa Chontae atá slán agus an deontas tuíodóireachta ón Roinn Comhshaoil DOE agus an Scéim Deontais Caomhnaithe a chur chun tosaigh chun cuidiú le húinéirí bail a chur ar dhíonta ceann tuí.

(iv) Meas, cosaint, coinneáil agus athbheochaint oiriúnach a spreagadh i ndáil le hailtireacht thraidisiúnta i gContae Dhún na nGall, lena n-airítear críocha páirce mar atá faoi láthair, ballaí cloiche, agus fálta sceacha ionas go gcoinneofaí carachtar thírdhreach tuaithe Chontae Dhún na nGall.

(v) Forbairt ar thithe cloiche, tréigthe agus/nó teachíní taobhbealaigh a spreagadh agus a dhéanfar a chomhlánú le dearadh comhaimseartha d'ardchaighdeán chun riachtanais spáis an duine a shásamh le linn a bheith ag féachaint do pholasaithe pleanála eile a bhaineann leis agus atá cuí.

POLASAÍ BNH 13: Is é polasaí na Comhairle fás eacnamaíoch agus inbhuanaithe a chur chun cinn tríd athghiniúint leanúnach ár dtimpeallacht thógtha mar seo a leanas:

(i) Leanúint ar aghaidh ag obair le stiúrthóireachtaí éagsúla laistigh den Chomhairle chun athúsáid struchtúr cosanta agus foirgnimh stairiúla a spreagadh go gníomhach, agus glacadh le cur chuige atá a stiúradh ag caomhnú comhoibríoch mar bhunús do thionscnaimh athghiniúna a n-éireoidh leo.

(ii) Naisc a chruthú naisc le stiúrthóireachtaí laistigh den Chomhairle chomh maith le comhlachtaí reachtúla agus poiblí eile go háitiúil agus go náisiúnta, araon, chun linn acmhainní eolais agus teagmhálacha a chur le chéile le athghiniúint a n-éireodh leí a éascú.

POLASAÍ BNH 14: Is é polasaí na Comhairle ná córas dearfach dhreasachtaí airgid a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, araon, chun cosaint na bhfoirgneamh stairiúla a spreagadh mar go bhfulaingíonn siad níos mó, go minic, ó mheathlú agus ó fhaillí seachas ó scrios gníomhach atá níos réamhbheartaithe, mar a leanas:

(i) Féidearthachtaí maoinithe a chur chun cinn ar mhaithe le cuidiú le coimeád agus cóiriú na bhfoirgneamh stairiúil agus struchtúr cosanta; deontais thuíodóireachta ón Roinn Comhshaoil, Cabhair Dheontas Caomhantais na Comhairle, Foirgnimh Oidhreachta na Comhairle i mBaol, maoiniú agus cabhair dheontas Oidhreachta Áitiúil agus maoiniú atá ar fáil ó Thascfhórsa Dhún na nGall do Shíocháin agus Athmhuintearas.

(ii) Breathnú ar laghdú/dhíolúine Tháillí Forbartha ó thaobh athfhorbairt íogair na bhfoirgneamh tréigthe d'úsáid chónaitheach a d'fhéadfadh gníomhú mar chatalaíoch d'fhorbairt inbhuanaithe.

POLASAÍ BNH 15: Is é polasaí na Comhairle a chinntiú go mbeidh aon fhorbairt, mhionathrú, athrú, nó méaduithe a chuireann isteach ar struchtúr cosanta, struchtúr atá sínte leis, nó struchtúr atá laistigh de Cheantar Caomhantais Ailtireachta ag taispeáint an suíomh agus dearaithe go cuí agus nach mbeidh sé dochrach do charachtar an struchtúir, a shuíomh nó carachtar an ACA, mar seo a leanas:

(i) Daoine a spreagadh le fuinneoga, doirse, rindreáil, clúdaithe dín, a bhí ansin ó thús, a choinneáil slán chomh maith le coda sonracha eile d'fhoirgnimh stairiúla cibé atá siad cosanta nó nach bhfuil.

(ii) Caomhnú a lorg ar choinneáil aghaidheanna siopaí agus aghaidheanna tithe óstais stairiúla mar pháirt de theanga bóithre, sráideanna, bailte, sráidbhailte na tuaithe agus uirbeacha, araon, i gContae Dhún na nGall.

(iii) Cur in aghaidh athshuíomh, in áit a gcuirtear struchtúir neamhchoitianta in áit cineálacha foirgnimh traidisiúnta gur samplaí neamhchoitianta iad de chaighdeán maith.

(iv) Daoine a spreagadhh chun foirgnimh stairiúla a athrú, a mhéadú, agus a athshlánú le treoir ailtire atá cáilithe go hoiriúnach agus de réir treoirlínte pholasaí caomhantais maithe chun riachtanais spáis an lae inniu a réiteach do na glúnta inár ndiaidh le linn a bheith ag úsáid samplaí maithe d'ailtireacht chomhaimseartha.

(v) A chinntiú go ndéanfar na hiarratais phleanála uilig a bhaineann le struchtúir chosanta, struchtúir chosanta atá molta, nó foirgnimh a bhfuil fiúntas ailtireachta ag baint leo a chur faoi bhráid an Oifigigh Caomhantais agus na gcomhlachtaí forordaithe faoi choinne tuairim roimh chinnidh a bheith déanta.

(vi) Caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar an charachtar speisialta atá ag aon Cheantar Caomhantais Ailtireachta lena n-airítear a stoc tógála traidisiúnta agus a gcríocha ábharacha, spásanna, sráid-dhreach, tírdhreach agus suíomh.

(vii) Is é polasaí na Comhairle iniúchadh a dhéanamh ar Shuímh Thréigthe i roinnt bailte sa Chontae ar bhun píolótach. D'fhéadfaí beartais macasamhail dreasachtaí faoiseamh cánach nó laghduithe i gcuiduithe forbartha a fheidhmiú. Ina theannta sin, d'fhéadfaí na cumhachtaí atá istigh san Acht um Shúimh Tréigthe 1990, a fheidhmiú chun tabhairt faoi shuímh a bhfuil fadhb leo.

8.5 OIDHREACHT SHEANDÁLAÍOCHTA.

CÚLRA.

Léiríonn Oidhreacht Sheandálaíochta staidéar ar ghlúnta daoine a chuaigh romhainn tríd iarsmaí ábhar a d'fhág na daoine seo ina ndiaidh agus fianaise a dtimpeallachta. Áirítear struchtúir, tógálacha, grúpaí foirgneamh, suímh fhorbartha, séadchomharthaí thaifeadta chomh maith lena gcomhthéacsanna agus ábhair inbhogtha suite ar tír agus faoi uisce mar pháirt d'oidhreacht sheandálaíochta. Aithníonn an Chomhairle gur freagracht rannta é cosaint agus caomhnú oidhreacht sheandálaíochta an Chontae idir an Rialtas Náisiúnta, an Chomhairle, pobail agus daoine aonaracha.

Áirítear Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Na Cealla Beaga, Leifear, Ráth Mealtain, Ráth Maoláin agus Baile Suingean i measc na mBailte Stairiúla sa Chontae. Tá teorainneacha treoirlíne do na bailte seo léirithe i dTaifead Séadchomharthaí agus

Áiteanna. Chomh maith leis sin, tá na bailte seo a leanas ainmnithe ag an Chomhairle mar 'Bailte Oidhreachta': Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Bhoth agus Ráth Mealtain.

Tá 30 ionad adhlactha in úinéireacht/i gcúram na Condae agus tá sí tiomanta lena chinntiú go n-úsáidfear na cleachtais caomhantais is fearr i gcosaint, i gcaomhnú, i mbainistíocht agus i gcothabháil oidhreacht sheandálaíochta nádúrtha agus thógtha sna hionaid adhlactha seo.

SPRIOC.
Oidhreacht Sheandálaíochta an Chontae a chosaint agus a chaomhnú dó na glúnta inár ndiaidh fad atá meas uirthi agus sásamh aisti a spreagadh.

CUSPÓIRÍ.
- Cur chuige inbhuanaithe agus córas comhpháirtithe a bhunú maidir le bainistíocht chun breathnú ar shaincheisteanna oidhreacht sheandálaíochta i bpleananna, i gcláir agus i bpolasaithe na Comhairle.
- Saincheisteanna oidhreacht sheandálaíochta bunaithe ar chomhairle shaineolach, ar an chleachtas caomhantais is fearr agus ar eolas áitiúil a bhreathnú go hiomlán.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ.
POLASAÍ BNH 16: Is é polasaí na Comhairle ná:

(i) Iomláine séadchomharthaí agus a suímh agus aon séadchomhartha/suíomh ar bith eile a aimsítear laistigh de thréimhse an phlean a chosaint agus a fheabhsú agus fosta caomhnú (in-situ, nó ar a laghad, trí thaifead) a dhaingniú do na séadchomharthaí seandálaíochta go léir atá san áireamh i dTaifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, agus do shuímh, do ghnéithe agus d'ábhar nó d'áit atá inspéise ó thaobh seandálaíochta go ginearálta.

(ii) Aird a thabhairt ar chriosanna a bhfuil Acmhainneacht Sheandálaíochta ag baint leo nuair atá oibreacha á bpleanáil i mbailte agus i sráidbhailte. Ba chóir aird faoi leith a thabhairt do Bhailte Seandálaíochta agus do bhailte atá ainmnithe faoi Chlár Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte. Leithéid phlásóige thraidisiúnta, línte tógála stairiúla agus leagan amach na sráide a choimeád sa chás go mbaineann siad sin le tréimhse meánaoise nó níos luaithe.

(iii) Talaimh adhlactha ar Thaifead Séadchomharthaí agus Áiteanna a chosaint agus a chaomhnú i gcomhoibriú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil agus córas cothabhála a chur ar fáil atá bunaithe ar an dea-chleachtas caomhantais is fearr do thalaimh adhlactha in úinéireacht/i gcúram na Comhairle.

(iv) Oibriú i bpáirtíocht le Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí ar mhaithe le Séadchomharthaí Náisiúnta agus oidhreacht sheandálaíochta a chosaint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a fheabhsú, lena n-áiritear i measc rudaí eile Ciorcal Cloiche Bhealtaine agus Grianán Aileach. Fosta, a dhul i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil i ndáil le haon fhorbairtí atá molta in aice le hacmhainní nó láithreáin sheandálaíochta agus an 'prionsabal airdeallach' a ghlacadh nuair atá athbhreithniú a dhéanamh ar a leithéid d'fhorbairtí. Fosta, feasacht phoiblí maidir le hoidhreacht shaibhir sheandálaíochta Chontae Dhún na nGall a chur chun cinn.

(v) Measúnachtaí seandálaíochta a lorg mar pháirt d'aighneacht phleanála nuair a d'fhéadfadh forbairt mholta cur isteach ar Séadchomhartha Taifeadta, ar Crios d'Acmhainneacht Sheandálaíochta nó a suímh. Measúnú seandálaíochta a iarraidh fosta (measúnú thionchar infheicthe san áireamh) le bheith curtha isteach ag tabhairt miontuairisc ar thionchar acmhainneachta a bheidh ag aon fhorbairt ar struchtúir/fosuithe atá ina seasamh agus faoi thalamh araon nuair atá forbairt a bhreathnú in aice leis na hiarsmaí uilig atá ina seasamh.

(vi) Carachtar, suímh agus na radharcanna galánta a thig a fheiceáil ó láithreáin sheandálaíochta thábhachtacha idirnáisiúnta, macasamhail Grianán Aileach agus Ciorcal Cloiche Bhealtaine a chosaint, agus srian a choinneáil ar fhorbairt a d'fhéadfadh cur isteach air nó bac a chur le taitneamhacht na láithreán sin a rialú.